



Vacsaíní chun do pháiste a chosaint HPV, MenACWY agus Tdap

Eolas do thuismitheoirí
páistí atá ag tosú ar an
meánscoil in 2019



Seirbhís Sláinte
Níos Fearr
á Forbairt

Building a
Better Health
Service

Seo trí vacsaín atá á dtairiscint chun do pháiste a chosaint ar ghalair thógálacha:

- **Vacsáin HPV** a thugann cosaint ar an víreas HPV a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse
- **Vacsáin mheiningeacocúil ACWY** a thugann cosaint ar cheithre chineál meiningítis (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus/nó septicéime (nimhiú fola) a thagann ó ghalar meiningeacocúla
- **Vacsáin Tdapa** thugann cosaint ar:
 - theiteanas (tocsain teiteanais a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le freangaí matáin phianmhara agus trithí)
 - dhiftéire (baictéir a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le scornach thinn agus mórdheacrachtaí anáilaithe) agus
 - ar an triuch

HPV:
Tugann sí cosaint ar ailse

MenACWY:
Tugann sí cosaint ar mheiningíteas

Tdap: Tugann sí cosaint ar bhaictéir dhíobhálacha

Tugtar eolas faoi gach vacsaín thuasluaite agus faoi na víris agus baictéir ar a dtugann siad cosaint sa chéad chuid eile.



Vacsainí HPV

Cad is HPV ann?

Seasann HPV do ‘phapalómaivíreas daonna’, rud ar grúpa de bhreis is 100 víreas é, bíonn HPV ina chúis le 99% d’aile cheirbheacsach. Tá an víreas an-choitianta agus féadann tú é a fháil trí bheith gníomhach go gnéasach le duine a bhfuil an víreas air/uirthi cheana féin. Ní gá formhór ionfhabhtuithe HPV a chóireáil. É sin ráite, i gcás daoine áirithe, leanann ionfhabhtú HPV air agus bíonn sé ina chúis le hailse. Bíonn HPV ina chúis le faithní na mball giniúna chomh maith.

Is dóigh go gceanglaíonn daoine HPV le cailíní níos mó ná buachaillí toisc gur ceann de na hailsí is mó a bhíonn sé ina chúis léi ná ailse cheirbheacsach – is é sin, ailse i mbéal na broinne. Tá an vacsaín HPV á tairiscint do chailíní sa chéad bhliain ó 2010.

Tá sé tábhachtach, áfach, go bhfaigheann buachaillí an vacsaín, ó tharla go bhfuil sé léirithe ag taighde go d’fhéadfadh an víreas HPV a bheith ina chúis le hailsí agus fadhbanna eile a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar bhuachaillí mar aon le cailíní. Dá mhéad daoine óga atá vacsaínithe – **buachaillí agus cailíní araon** – is ea is fearr ar féidir linn cosc a chur ar scaipeadh an ionfhabhtaithe. Tairgfear an vacsaín HPV do bhuachaillí ó 2019, dá bhrí sin.

Tá clár HPV i bhfeidhm in 84 tír faoi láthair, agus tugann 20 de na tíortha sin an vacsaín **do bhuachaillí agus do chailíní**. Tá na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Nua-Shéalainn i measc na dtíortha sin. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe tús lena clár i mí Mheán Fómhair 2019.

Cé na hailsí eile le cois ailse cheirbheacsach, lena mbíonn HPV ina chúis?

Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil ceangal le hionfhabhtú HPV agus ailse scornaí (béalfharaing), ailse an reictim, agus ailse an phéinis. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh an víreas HPV a bheith ina chúis le réimse loit réamhailseacha i measc na bhfear agus na mban araon.

Bíonn an víreas HPV ina chúis le:

- 99% d’aillsí cheirbheacsacha
- 9 n-ailse pite as gach 10 gcinn
- 8 n-ailse faighne as gach 10 gcinn
- 9 n-ailse tóna as gach 10 gcinn a bhaineann le HPV
- 9 gcás fhaithní na mball giniúna as gach 10

Tugtar an vacsaín HPV i níos mó ná 84 tír chun cosc a chur le hailsí

Bíonn HPV ina chúis le ailse amháin as gach 20 ceann ar fud an domhain

Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV a bheidh de dhíth ar mo pháiste?

Tá dhá dháileog den vacsaín de dhíth chun cosaint iomlán a thabhairt. Tairgeann FSS an chéad dháileog ar scoil ó mhí Mheán Fómhair, agus an dara dáileog ó mhí Feabhra. Is é an chéad bhliain ar an meánscoil an t-am is fearr leis an vacsaín a fháil, mar go bhfuil sé an-éifeachtach ag an aois sin.

Tá sé léirithe ag staidéir go bhfuil trí dháileog de dhíth ar aon duine a thosaíonn leis an gclár vacsaíne níos sine ná cúig bliana déag d'aois.

Tá an vacsaín HPV faighte ag níos mó ná 240,000 cailín in Éirinn agus ag 100 milliún duine ar fud an domhain

Vacsaín MenACWY

Céard is galar meiningeacocúil ann?

Is tinneas tromchúiseach é an galar meiningeacocúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le septicéime (nimhiú fola), agus d'fhéadfadh duine bás a fháil dá bharr.

D'fhéadfadh galar meiningeacocúil teacht ar dhuine go han-tapa ar fad.

Ar na hairíonna a bhaineann leis, tá fiabhras, muineál righin, tinneas cinn, pianta sna hailt, agus gríos.

D'fhéadfadh galar meiningeacocúil tarlú ag aois ar bith, ach tá ráta is airde an ghalair le fáil i measc páistí atá faoi bhun 5 bliana d'aois, go háirithe páistí faoi bhun aon bhliain d'aois. Is é an chéad ghrúpa eile atá go mór i mbaol ná daoine óga atá cúig bliana déag go naoi mbliana déag d'aois.

Cén fáth ar chóir do mo pháiste an vacsaín meiningeacocúil MenACWY a fháil anois?

Tairgeadh vacsaín ghalar meiningeacocúil ghrúpa C dóibh nuair a bhí siad ina leanaí. Laghdaíonn imdhíonacht i leith an ghalair mheiningeacocúil mar sin féin de réir a chéile, mar sin moltar anois **teandáileog** a fháil chun cosaint bhreise a chur ar fáil. Cuirfidh an vacsaín mheiningeacocúil ACWY le cosaint do linbh i leith galair meiningeacocúil grúpa C, agus cuirfidh sí cosaint bhreise ar fáil i leith ghrúpaí meiningeacocúil A, W agus Y.

Vacsáin Tdap

Céard is Tdap ann?

Seasann Tdap do theiteanas, diftéire agus an triuch. D'fhéadfadh **teiteanas** a bheith ina chúis le freangaí matáin phianmhara ghinearálaithe rud a chruthaíonn deacrachtaí anála agus bás.

Beidh an cúrsa críochnaithe nuair a bheidh 5 dháileog faighte agat

Is galar tromchúiseach é **Diftéire** a thosaíonn de ghnáth le scornach thinn agus a d'fhéadfadh forbairt go sciobtha chun deacrachtaí anála a chruthú. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don chroí agus don néarchóras freisin. Is galar é an **triuch** a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tréimhsí fada casachta agus tachtá ina bhfuil sé deacair anáil a fháil.

Is galair thromchúiseacha iad na hionfhabhtaithe sin go léir agus b'fhéidir go gcaithfí do pháiste a chur san ospidéal dá mbarr. Ar an gceann is measa, d'fhéadfadh na fadhbanna sin a bheith ina gcúis báis.

Cé mhéad dáileog den vacsaín Tdap atá de dhíth ar mo pháiste?

Bhí vacsaíní i leith teiteanais, na diftéire agus an treacha tairgthe do **gach uile pháiste** nuair a bhí siad ina leanaí, agus arís nuair a bhí siad sna naíonáin shóisearacha. Laghdaíonn imdhíonacht i leith na diftéire, an teiteanais agus an treacha de réir a chéile, mar sin moltar anois **teandáileog** a fháil chun cosaint bhreise a chur ar fáil.

Go dtí seo, ba cheart go mbeadh ceithre dháileog de vacsaín teiteanais, vacsaín diftéire agus vacsaín treacha faighte ag do pháiste – is é sin:

- 3 dháileog mar leanbh
- teandáileog nuair a bhí siad sna Naíonáin Shóisearacha

Seo an cúigiú dáileog agus an dháileog dheireanach a thabharfaidh cosaint dóibh ar feadh a saoil.

Ceisteanna ginearálta a d'fhéadfadh a bheith agat...

An bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá. Tá gach vacsaín sábháilte agus tá sé léirithe go sábhálann siad beathaí agus go gcoisceann siad tinneas tromchúiseach. Déanann comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireacht dhocht agus athbhreithniú ar vacsaíní go minic, comhlachtaí lena n-áirítear:

- an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
- na hIonaid um Rialú agus Cosc Galar sna Stáit Aontaithe

Tá tuairisciú leanúnach á thabhairt ag na comhlachtaí idirnáisiúnta ar fad go bhfuil na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte agus nach bhfuil siad ina gcúis le haon fho-iarmhairtí fadtéarmacha.

An bhfuil fo-iarmhairtí ag baint le na vacsaíní?

Ní bhíonn fadhb ar bith ag an gcuid is mó de dhaltaí tar éis vacsaíní. Is gnách le daltaí áirithe, mar sin féin, pian, at agus an craiceann a bheith dearg san áit ar tugadh an instealladh. Níor cheart a bheith buartha faoi rud ar bith agus is gnách go n-imíonn sé sin tar éis lá nó dhó.

D'fhéadfadh tinneas cinn, tinneas boilg nó beagán fiabhrais teacht ar dhaltaí áirithe. Má tharlaíonn sé sin, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dó/di. Tharlódh ó am go chéile go mbraithfeadh daltaí tinn agus go dtiocfadh lagar orthu tar éis a n-insteallta. Chun nach dtarlóidh sé sin, tabharfaidh an fhoireann comhairle do dhaltaí suí síos agus a scíth a ligean ar feadh 15 nóiméad tar éis an vacsaín a fháil.

Is rí-annamh a mhúsclaíonn na vacsaíní frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach agus tá na foirne vacsaínithe scoile oilte chun cóir leighis a chur ar aon fhrithghníomhú ailléirgeach fiorthrom.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tabhair cuairt ar www.hpv.ie agus www.immunisation.ie i gcomhair réimse leathan eolais, lena n-áirítear físeáin agus bileoga fíricí faoi na vacsaíní.

Gheobhaidh tú na naisc leis na bileoga faisnéise d'othair le haghaidh na vacsaíní a úsáidtear sa chlár ag www.immunisation.ie

Más rud é go bhfuil tuilleadh ceisteanna agat, dean teagmháil, le do thoil, le ball d'fhoireann vacsaínithe FSS ar scoil. Tá sonraí ar fáil ar an leathanach gréasáin de chuid vacsaínithe áitiúil FSS: <http://bit.ly/SchoolLHO>

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a thosaíonn do pháiste ar an meánscoil, gheobhaidh siad pacáiste faisnéise mionsonraithe agus foirm toilithe. Ní mór duit an **foirm toilithe a shíniú** agus í a sheoladh ar ais chuig an scoil chun cinntiú go bhfaigheann to pháiste na vacsaíní ar scoil.

Is í Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS a chruthaigh an bhileog seo. Dáta foilsithe: Bealtaine 2019.